"Úsáid na Gaeilge ar an Raidió"

Aighneacht thar ceann Údarás Craolacháin na hÉireann ar an 29 Bealtaine 2018

1. Réamhrá

Thar ceann Údarás Craolacháin na hÉireann, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Cathaoirleach Chomhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus na nOileán, Catherine Connolly, TD, as an gcuireadh le teacht roimh an gCoiste Dé Máirt an 29 Bealtaine chun úsáid na Gaeilge ar an raidió in Éirinn inniu a phlé.

Ar cheann de Chuspóirí Straitéiseacha an Údaráis don tréimhse 2017-2019 faoin téama An Éagsúlacht agus an Iolracht a chur chun cinn is ea cláir Ghaeilge d'ardchaighdeáin a chothú agus a chur chun cinn. Táimid ag súil le toradh ina mbeidh an raon agus na foinsí ábhar closamhairc atá ábhartha go cultúrtha, lena n-áirítear trí Ghaeilge, atá ar fáil do lucht féachana na hÉireann méadaithe.

Glacann an tÚdarás le raon tionscnamh le tacú leis na cuspóirí seo a bhaint amach. Áirítear orthu seo cláir agus tionscnaimh eile faoin Scéim Maoinithe Craolacháin, iniúchadh a dhéanamh ar dheiseanna comhpháirtíochta, imeachtaí, foghlaim agus forbairt rannach agus tionscnaimh urraíochta atá deartha le tacú le héagsúlacht níos mó trí Ghaeilge. Déanfar forbairt ar Straitéis Seirbhísí Craolacháin athbhreithnithe, a threoraíonn beartais cheadúnaithe, faoin gcuspóir straitéiseach seo freisin.

Tabharfar níos mó sonraí i gcorp na haighneachta seo ar na tionscnaimh agus na gníomhaíochtaí éagsúla atá á ndéanamh faoi láthair. Tabharfar tráchtaireacht freisin ar thiomantais inmheánacha an Údaráis i leith na Gaeilge faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla agus déanfar tagairt freisin don suirbhé a rinne an Dr John Walsh agus an Dr Rosemary Day a bhí mar ábhar do chur i láthair os comhair an Choiste le déanaí. Ní dhéantar tagairt san aighneacht do thiomantais an chraoltóra seirbhíse poiblí, RTÉ, atá ina ábhar i bpróiseas athbhreithnithe ar leith idir an BAI agus an tAire Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil.

Beidh ionadaithe an Údaráis sásta tuilleadh eolais a thabhairt maidir le ceist ar bith a ardaítear san aighneacht agus ceisteanna ón gCoiste a fhreagairt.

2. Scéim Maoinithe Craolacháin

Leagtar amach i gCuid 10 den Acht Craolacháin na forálacha den Chiste Craolacháin ina bhforáiltear go gcuirfear 7% de na glanfháltais ó tháillí an cheadúnais teilifíse ar fáil don Údarás gach bliain le tacú le raon scéimeanna a oibriú. In 2017, ba ionann é seo agus díreach os cionn €14 milliún.

Faoi láthair, tá dhá scéim i bhfeidhm faoin gCiste Craolacháin – na Scéimeanna Fuaime agus Físe agus Cartlannaithe – agus réimse tionscnamh coimhdeach freisin. Éilítear sa scéim Fuaime agus Físe go leithdháiltear íosmhéid 25% den chiste do chláir as Gaeilge nó dhátheangacha. In 2017, leithdháileadh €2.78 milliún faoin scéim le tacú le 30 tionscadal Gaeilge nó dátheangach a léiriú. Lean sé seo treocht na mblianta fada ina raibh tacaíocht á tabhairt do chláir Ghaeilge ar chraoltóirí poiblí, tráchtála agus pobail. Thug an scéim tacaíocht shuntasach freisin don earnáil léiriúcháin neamhspleách Gaeilge – raidió agus teilifís araon.

Tá an scéim reatha faofa go dtí deireadh 2019 agus déanfar athbhreithniú air sa chéad leath den bhliain seo chugainn. Mar gheall ar chomh maith is d'éirigh léi go dtí seo, táimid ag súil go gceadófar ar feadh tréimhse 5 bliana eile í ó 2020. B'fhéidir go mbeadh deiseanna san athbhreithniú chun scrúdú a dhéanamh ar na leibhéil de chlársceidealú Gaeilge agus dátheangach ar tacaíodh leo ar sheirbhísí raidió agus lena fhiosrú an bhféadfaí na leibhéil seo a bhreisiú faoi aon scéim nua.

Rinne an tAire Cumarsáide, Gníomhaíocht ar son na Aeráide agus Comhshaoil athnuachan le déanaí ar an Scéim Chartlannaithe le haghaidh tréimhse cúig bliana eile agus seolfaidh an tÚdarás go hoifigiúil í ar an 7 Meitheamh. Is é cuspóir na scéime cur chuige comhtháite a fhorbairt maidir le bunábhar clár a chur i gcartlann agus rochtain a sholáthar ar an ábhar. Tugadh maoiniú suntasach do TG4 sa scéim roimhe seo i ndáil le roinnt tionscadal agus spreagfaimid craoltóirí raidió chun ról níos gníomhaí a bheith acu sa phróiseas iarratais don chéad scéim eile.

Ar deireadh, thug an tÚdarás isteach agus thacaigh sé le tionscnaimh choimhdeacha le 18 mí anuas agus d'áiríomar tionscadal Cine4 le TG4 agus Bord Scannán na hÉireann a thacóidh le léiriú tionscadal drámaíochta Gaeilge d'ardchaighdeán agus ilDÁNA a fógraíodh le déanaí, comhpháirtíocht idir an Chomhairle Ealaíon agus TG4 a bhfuil sé de chuspóir leis maoiniú a thabhairt do phríomhscannáin Faisnéise Ealaíon ar ardchaighdeán.

Cé gur teilifís atá i gceist sna tionscadail seo, fiosróidh an tÚdarás deiseanna chun tionscnaimh den chineál céanna a fhiosrú le craoltóirí raidió Gaeilge agus comhpháirtithe ábhartha.

3. Foghlaim Rannach agus Tacaíochtaí Urraíochta

Cuireann clár Foghlaim agus Forbairt Rannach an Údaráis maoiniú agus tacaíochtaí eile ar fáil do réimse líonraí le tacú lena ngníomhaíochtaí foghlama agus forbartha éagsúla. Anuas air sin, cuireann an tÚdarás scéimeanna tacaíochta ar fáil do chraoltóirí pobail agus riarann sé scéimeanna nuálaíochta chun tacú le tionscnaimh oiliúna agus foghlama nua i gcomhpháirt le saineolaithe san earnáil. In 2018, d'fhaomh an tÚdarás buiséad iomlán €467,800 le tacú leis na gníomhaíochtaí seo. Tá téama sonrach Gaeilge ag roinnt tionscnamh sa bhliain reatha.

Le blianta fada, chuir an tÚdarás maoiniú ar fáil do sheirbhís nuachta ar ar tugadh Cogar, a d'fheidhmigh Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge. Ghlac Raidió na Life le feidhmiú na seirbhíse in 2014. Bhí sé seo dúshlánach don stáisiún mar nach raibh daon-acmhainní Chomhdháil Náisiúnta na Gaeilge acu le tacú leis an tseirbhís. D'oibrigh an tÚdarás go dlúth le Raidió na Life lena chinntiú gur coinníodh an tionscnamh luachmhar seo. Tá mé sásta a rá gur athsheoladh an tseirbhís mar Aerthonnta níos túisce i mbliana mar ardán digiteach i gcomhair scéalta nuachta agus mar acmhainn eolais dóibh siúd atá ag craoladh i nGaeilge ar fud na tíre. Tionscnamh an-dearfach é seo le tacú le héagsúlacht na Gaeilge ar stáisiúin raidió in Éirinn.

Is fiú dhá thionscnamh eile sa bhliain reatha a lua freisin. Reáchtálfaidh Ionad Scannán na Gaillimhe ceardlann do léiritheoirí scáileáin réigiúnacha le béim ar leith ar oibriú trí Ghaeilge agus reáchtálfaidh

Gréasán na Meán atá lonnaithe sa Spidéal roinnt cúrsaí Gaeilge do Stiúrthóirí. Déanann Gréasán na Meán ionadaíocht faoi láthair ar 218 duine faoi oiliúint i dtionscal na meán in Iarthar na hÉireann lena n-áirítear scannán, teilifís, prionta, raidió agus digiteach ar líne. Is iad na haidhmeanna atá acu oiliúint a chur ar fáil trí Ghaeilge, lena chinntiú go mbíonn an fórsa saothair sna meáin comhsheasmhach agus ardoilte, go háirithe san Iarthar. Cé go bhfuil tionscnaimh Ionad Scannán na Gaillimhe agus Ghréasán na Meán dírithe ar an teilifís sa bhliain reatha, tá tairbhe ollmhór tras-mheáin leis an oiliúint a dhéanann siad, ar thacaigh an tÚdarás leis thar bhlianta fada.

Cuireann Scéim Urraíochta an Údaráis maoiniú iomlán €143,000 ar fáil sa bhliain reatha le tionscnaimh a ardaíonn feasacht ar chuspóirí straitéiseacha an Údaráis mar aon le cur le forbairt fhoriomlán an tionscail closamhairc in Éirinn. Táthar ag tacú le trí thionscadal a bhfuil téama Gaeilge acu in 2018. Reáchtáladh Féile na Meán Ceilteach in Llanelli, an Bhreatain Bheag, an mhí seo caite, agus é mar aidhm léi teangacha agus cultúir na náisiún agus na réigiún Ceilteach a chur chun cinn. Bhí raidió agus teilifís ar comhchéim ag imeachtaí agus gradaim na féile. In 2018, déanfaidh an tÚdarás urraíocht chomh maith den chéad uair ar Ghradaim Meán an Oireachtais, a dhéanann ceiliúradh ar éachtaí agus ar shármhaitheas sna meáin Ghaeilge. Rachaidh maoiniú an Údaráis i dtreo roinnt gradam lena n-áirítear sraith/clár raidió Gaeilge is Fearr.

Ar deireadh faoin gcuid seo, tá tacaíocht tugtha ag an Údarás do Sheachtain na Gaeilge le fada agus leanadh leis seo in 2018. Déanann an tÚdarás urraíocht ar na ceardlanna Gaeilge bliantúla do scoláirí meánscoile i rith an Mhárta. Is é cuspóir an imeachta scoláirí a spreagadh chun scileanna raidió a fhorbairt trí Ghaeilge agus go mbeidh na scoláirí sin in ann na scileanna sin a úsáid má roghnaíonn siad gairmeacha sa raidió agus sna tionscail mheáin eile.

4. Tiomantais don Ghaeilge ar sheirbhísí faoi cheadúnas an Údaráis

Tá bunús le tiomantais Ghaeilge in Alt 6 den Acht Raidió agus Teilifíse, 1988. Níor athraíodh mórán iad ó shin agus léirítear anois iad in Alt 66 den Acht Craolacháin 2009. Tá roinnt comhthéacs maidir le bunúis na forála le fáil thíos.

Bunaíodh an Coimisiún um Raidió agus Teilifís Neamhspleách ("IRTC") faoin Acht Raidió agus Teilifíse, 1988. Tugadh freagracht dó as réimeas ceadúnaithe dlí a thabhairt isteach, go príomha le haghaidh seirbhísí raidió tráchtála agus pobail. Roimh 1988, d'fheidhmigh craoltóirí neamhdhleathacha nó "bradacha" ar fud áiteanna éagsúla den tír. Chuir an tAcht sraith riachtanais cosúil leo siúd a bhain leis an tseirbhís phoiblí i bhfeidhm ar na seirbhísí nua – bhí imní ann go mbeadh "ceol ar feadh an lae" chun tosaigh mar a bhí sa ré bradach. Dá bhrí sin, thug an Rialtas isteach riachtanas 20% nuacht agus cúrsaí reatha agus sraith dualgas maidir le cláir ar cheart don IRTC aird a thabhairt orthu in aon phróiseas ceadúnaithe. Áiríodh orthu seo, tiomantais i leith na Gaeilge, cultúr na hÉireann, deiseanna nua do thallann ceoil, drámaíochta agus siamsaíochta Éireannach agus riachtanas le freastal ar réimse spéiseanna lena n-áirítear iad sin a raibh spéis ag mionlach iontu. Anuas air sin, agus oiriúnacht iarrthóra á chur san áireamh chun seirbhís raidió a bhronnadh i gceantar Gaeltachta, b'éigean don IRTC aird chuí a bheith acu ar chaomhnú na Gaeilge mar theanga labhartha.

Chlúdaigh na chéad phróisis cheadúnaithe a d'fheidhmigh an IRTC raidió tráchtála agus níor bunaíodh an earnáil phobail go dtí 1995. I gcás seirbhísí raidió tráchtála, bhí an IRTC den tuairim, anuas ar an riachtanas nuachta agus cúrsaí reatha, go mba leor tiomantais theoranta i ndáil le dualgais eile arna leagan amach thuas. Bhí sé seo ar an mbunús nárbh craoltóirí seirbhíse poiblí iad na seirbhísí agus go raibh sé réasúnach go mbeadh a sceidil chláir bunaithe go tráchtála den chuid is mó. Go ginearálta, glacadh le tiomantais i ndáil le soláthar an líon uaireanta sa tseachtain ag amanna seachbhuaice (tráthnónta, deireadh seachtaine), faoi gach ceann de na dualgais den chineál seirbhíse poiblí arna liostú thuas.

Áiríodh na tiomantais a cuireadh ar fáil ag an gcéim cheadúnaithe ina dhiaidh sin sna conarthaí bunaidh a rinne an IRTC le gach seirbhís raidió tráchtála. Leanadh leis an gcur chuige seo go dtí an lá atá inniu ann agus tá formhór na gceadúnaithe bunaidh ar a dtríú conradh craolacháin ag an bpointe seo agus a bhformhór le hathnuachan in 2023/2024. Go ginearálta, leagfaidh conraitheoir raidió tráchtála a thiomantais Ghaeilge amach mar chuid dá iarratas ar cheadúnas. Má éiríonn leis, áireofar na tiomantais seo sa Ráiteas Beartais Cláir atá sa chonradh craolachán fuaime ábhartha idir an conraitheoir agus an tÚdarás. Déantar monatóireacht ar chomhlíonadh go randamach leis na tiomantais sa Ráiteas Beartais Cláir mar bhunús don mhonatóireacht. Déanann stáisiún freisin "Tuairisceán Craoltóra" bliantúil a dheimhníonn, i measc nithe eile, cibé an bhfuil nó nach bhfuil siad ag comhlíonadh forálacha a gconarthaí aonair.

Tá cóipeanna de na Ráitis maidir le Beartais Chláir ábhartha ar fad ar fáil go poiblí agus is féidir iad a chur ar fáil do bhaill an Choiste más gá.

Cheadúnaigh an tÚdarás freisin seirbhís raidió Gaeilge i gCathair agus i gContae Bhaile Átha Cliath – Raidió na Life – agus seirbhís raidió dhigiteach Raidió Rí Rá a chraolann do lucht éisteachta níos óige ach ní féidir é a iompar ach ar ardáin chábla dhigitigh, sataillíte nó thrastíre. Ba mhaith leis an Údarás níos mó seirbhísí den chineál seo a fheiceáil ach aithníonn sé go bhfuil dúshláin mhaoinithe le feidhmiú na seirbhísí sin agus nach dócha go mbeidh siad inmharthana ar ioncam tráchtála amháin agus go dteastódh foinsí eile maoinithe uathu. Bheadh fonn ar an Údarás fiosrú a dhéanamh maidir leis an gcaoi is fearr seirbhísí nua féideartha den chineál sin a fhorbairt agus a mhaoiniú sna blianta romhainn.

5. Tuarascáil maidir le húsáid na Gaeilge ar an raidió – Eanáir 2018

Mar thús, ba cheart dúinn a lua go bhfáiltíonn an tÚdarás roimh an méid is féidir leis an tuarascáil agus an taighde breise a bheartaítear a chur le breisiú chraolachán na Gaeilge ar an raidió in Éirinn. Thuig an tÚdarás gur páipéar plé bunaithe ar thorthaí suirbhé ar líne maidir le soláthar reatha na gclár Gaeilge ar gach seirbhís raidió ceadúnaithe in Éirinn a bhí sa tuarascáil a foilsíodh in Eanáir 2018. Seoladh chuig Cathaoirleach agus Príomhfheidhmeannach an Údaráis í mar eolas. Tuigimid gurbh é an cuspóir a bhí leis an tuarascáil a fhoilsiú ag an am sin díospóireacht a chothú agus tuilleadh ionchuir a fhál ó stáisiúin, acadóirí eile agus páirtithe leasmhara.

Rinneadh tagairt i gcuid 4.6 den tuarascáil don chéad chéim eile den taighde ina bhféadfaí agallaimh le sampla ionadaíoch bainisteoirí stáisiúin a áireamh, rud a thabharfadh iniúchadh níos saibhre de thuiscint

na stáisiún ar a dtiomantas i leith na Gaeilge, a dtaithí ar chláir Ghaeilge a fhorbairt agus a chraoladh agus a bpleananna don todhchaí chuige seo. Mar chéim bhreise den taighde d'fhéadfaí comparáid a dhéanamh idir iarratais rathúla stáisiún leis an Údarás ar cheadúnais lena n-aschur Gaeilge.

Tugadh le fios sa Tuarascáil nach gcraolann roinnt seirbhísí tráchtála agus pobail faoi cheadúnas aon chláir Ghaeilge. Tar éis an Tuarascáil a fháil, thug an tÚdarás faoi anailís ar na Ráitis maidir le Beartais Chláir ar gach seirbhís faoi cheadúnas agus chonaic siad go raibh tiomantais maidir le cláir Ghaeilge iontu ar fad. Tá an leibhéal tiomantais comhsheasmhach le torthaí na tuarascála i bhformhór cásanna. Rinneamar anailís shonrach ar thiomantais na ndaoine sin atá ainmnithe sa tuarascáil amhail gan cláir Ghaeilge ar bith a bheith acu. Amhail Eanáir 2018, táimid sásta go bhfuil gach stáisiún ag craoladh na dtiomantas cláir Ghaeilge atá ina ráitis maidir le beartais chláir.

Críochnaíodh an Tuarascáil le roinnt moltaí do reachtóirí, don rialtóir agus do chraoltóirí. Mar réamhrá leis na breithnithe seo, deirimis go cáiréiseach nach ndearna an tÚdarás breith ar an tuarascáil go foirmiúil agus go mbeadh sé mar rún againn sin a dhéanamh nuair a bhíonn na céimeanna eile den tionscadal curtha i gcrích. Ach, chun críocha plé, déanaimid na breithnithe seo a leanas:

- Chuaigh an Coiste Comhairleach Gaeilge bunaidh i ngleic le trí réimse – cláir, forbairt earnála agus tionscnaimh thacaíochta. Tá siad sin anois mar ghné lárnach de na gníomhaíochtaí a bhfuil an tÚdarás ag tabhairt fúthu faoi chodanna 2 agus 3 thuas. Tacaíonn triúr comhaltaí foirne a bhfuil líofacht sa Ghaeilge acu leis na réimsí gníomhaíochta seo. Cé nach bhfuil siad seo tiomanta do thacú le gníomhaíochtaí Gaeilge ar bhonn lánaimseartha, táimid sásta gurb é an bealach is éifeachtaí é le hoibriú, go háirithe mar gheall ar na hacmhainní srianta atá ar fáil don Údarás. Tá suim thiomanta ag beirt de Chomhaltaí an Údaráis (lena n-áirítear duine d'údair na tuarascála) sa chaoi ina ndéanann an tÚdarás an Ghaeilge a chur chun cinn agus tacú léi.

- Thacóimis go láidir le tionscnaimh a spreagfadh feasacht níos mó agus dríriú an Údaráis agus stáisiúin raidió éisteoirí a bhfreastalódh cláir Ghaeilge orthu. Bheadh an tÚdarás an-sásta oibriú i gcomhpháirt leis an earnáil chraolacháin raidió chun an coincheap a fhorbairt tuilleadh.

- Ní easaontaímid le príomhthoradh an tsuirbhé go bhfuil leibhéal na gclár Gaeilge ar raidió tráchtála agus pobail an-íseal. Ach, táimid den tuairim gurbh é seo an leibhéal a beartaíodh nuair a bunaíodh an earnáil i 1988 agus nár athraíodh é ó shin. Mar phrionsabal ginearálta, ní raibh an tÚdarás ná a réamhtheachtaí (an IRTC agus BCI) i bhfabhar cuótaí a chur i bhfeidhm i gconarthaí. Seachas sin, dhíreodh an tÚdarás ar thacú le tionscnaimh agus comhpháirtíochtaí a bhreiseodh an soláthar reatha. D'fhéadfaí úsáid níos fearr a bhaint freisin as tacaíochtaí maoinithe faoin gcéad leagan eile den scéim Fuaime agus Físe.

- Agus aird chuí ar athruithe reachtúla a chuirfeadh tuilleadh riachtanas i bhfeidhm ar sheirbhísí raidió, bheadh ar aon fhorbairtí den chineál sin an tírdhreach meán atá athraithe le deich mbliana anuas agus dúshláin amach anseo d'earnáil na meán traidisiúnta a chur san áireamh. Faoi láthair, tá oibleagáidí reachtúla suntasacha ar na seirbhísí meán traidisiúnta (raidió agus

teilifís) agus oibleagáidí an-teoranta ar na meáin nua. I gcomhthéacs ár gcuid oibre ar athbhreithniú ar an Straitéis Seirbhísí Craolacháin, thug an tÚdarás faoi phíosa mór taighde ar an tírdhreach meán reatha agus todhchaí a léiríonn fianaise ar thimpeallacht dhúshlánach do na meáin thraidisiúnta. Chaithfeadh reachtóirí ceist na cothroime idir na meáin nua agus thraidisiúnta agus dúshláin mhaoinithe shuntasacha d'oibreoirí reatha a chur san áireamh sula gcuirfí aon oibleagáidí nua níos déine i bhfeidhm ar na meáin thraidisiúnta. Inár dtuairim, teastaíonn go leor díospóireachta ar an ábhar seo sula gcuirfear aon riachtanais nua i bhfeidhm. Teastóidh reachtaíocht nua le dul i ngleic leis an Treoir maidir le Seirbhísí Meán Closamhairc athbhreithnithe agus b'fhéidir gurb é seo an fóram is cuí le dul i ngleic leis an tsaincheist seo.

6. Cur chun cinn na Gaeilge laistigh den Údarás

Mar a bheidh a fhios ag comhaltaí an Choiste, mar chomhlacht poiblí, éilítear ar an Údarás cloí le forálacha Acht na dTeangacha Oifigiúla. Faoi láthair, táimid ar an dara **Scéim na Gaeilge** trí bliana an Údaráis a thosaigh i Meán Fómhair 2016. Rinne Oifig an Choimisinéara Teanga iniúchadh ar an gcéad scéim de chuid an Údaráis agus thug siad moladh don Údarás as tabhairt faoi raon suntasach tiomantas thar an tréimhse agus iad a sheachadadh. Is féidir sonraí na Scéime a chur ar fáil do chomhaltaí an Choiste nuair a iarrtar sin.

D'fhéadfaí a áireamh le tionscnaimh bhreise faoin scéim nua Coiste Gaeilge inmheánach a bhunú a dhéanfaidh athbhreithniú ar chomhlíonadh leis an scéim agus bealaí chun an Ghaeilge a chur chun cinn i measc comhaltaí foirne. Reáchtáladh ranganna agus cúrsaí Gaeilge i gcomhar le Gaelchultúr, reáchtáladh maidineacha caife Gaeilge (sos tae) do chomhaltaí foirne agus eagraíodh turais dhátheangacha chuig eagraíochtaí cultúrtha cosúil leis an Dánlann Náisiúnta. Rinne an tÚdarás tairiscint le déanaí ar chreat-chomhaontú do chuideachtaí cáilithe i gcomhair aistriúchán Gaeilge a mbeidh orthu aistriúcháin a sheoladh ar ais ar bhonn tráthúil lena bhfoilsiú go comhuaineach leis na leaganacha Béarla.

Chun comóradh a dhéanamh ar **Bhliain na Gaeilge**, d'aontaigh an tÚdarás níos túisce i mbliana (i gcomhar le Conradh na Gaeilge) taispeántas scannáin chomhaimseartha Gaeilge a óstáil agus beidh an t-imeacht seo i bhféilire oifigiúil den dara leath Chonradh na Gaeilge le haghaidh 2018.

Ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil leagan Gaeilge den suíomh gréasáin ar fáil don scéim Fuaime agus Físe agus déileálann foireann an Údaráis trí Ghaeilge amháin le hiarrthóirí a dhéanann iarratas ar mhaoiniú trí Ghaeilge. Ar deireadh, tá nuashonrú leanúnach á dhéanamh ar bhunachair shonraí an Údaráis de théarmaí Gaeilge le cuidiú leis an bhfoireann cumarsáid a dhéanamh trí Ghaeilge. Ba mhaith linn buíochas a ghabháil lenár gcomhaltaí foirne Clare O'Sullivan (ar saoire mháithreachais); Dave Butler; Fionnuala Murphy agus David Carrie as a dtiomantas leanúnach le cur chun cinn na Gaeilge san Údarás.

7. Nótaí Deiridh

Ba mhaith leis an BAI buíochas a ghabháil leis an gCoiste as an deis seo a thabhairt dúinn chun ár dtuairimí a chur i láthair maidir le húsáid na Gaeilge ar sheirbhísí raidió agus ár gcuspóirí beartais níos ginearálta maidir le cothú agus tacú leis an nGaeilge trí réimse leathan beartas. Tá díospóireacht tosaithe ag an tuarascáil ón Dr Walsh agus an Dr Day maidir leis an nGaeilge ar sheirbhísí meán in Éirinn agus táimid ag súil le páirt a ghlacadh sa díospóireacht sin. Cuirimid fáilte roimh thús na díospóireachta seo le comhaltaí an Choiste.

pp

An tOllamh Pauric Travers

Cathaoirleach

Michael O' Keeffe

Príomhfheidhmeannach